IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 154 de 2015

_____

RIALACHÁIN UM THACAÍOCHT DO MHIC LÉINN 2015

I.R. Uimh. 154 de 2015

RIALACHÁIN UM THACAÍOCHT DO MHIC LÉINN 2015

DÉANAIMSE, JAN O'SULLIVAN, Aire Oideachais agus Scileanna, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hailt 4, 7, 8 agus 14 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 (Uimh. 4 de 2011), tar éis dom comhairle a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas, agus le toiliú an Aire Airgeadais, leis seo na Rialacháin seo a leanas:

Lua agus tosú

1. (1) Féadfar na Rialacháin seo a lua mar na Rialacháin um Thosaíocht do Mhic Léinn 2015.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo ar an 22 Aibreán 2015.

Léiriú

2. (1) Sna Rialacháin seo—

Ciallaíonn "Acht" an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 (Uimh 4 de 2011);

Ciallaíonn "creat cáilíochtaí" an creat cáilíochtaí a bunaíodh agus a coimeádadh de bhun alt 7 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 (Uimh. 26 de 1999);

Is é is "cúrsa iarchéime" ann cúrsa as a dtiocfaidh mórcháiliúchán ardoideachais agus oiliúna ag Leibhéal 8 (Ard-Dioplóma), Leibhéal 9 (Dioplóma Iarchéime, Céim Mháistir), Leibhéal 10 (Céim Dhochtúra) ar an gcreat cáilíochtaí náisiúnta, nó cáiliúcháin chomhchosúla;

ciallaíonn "scéim roimhe seo" an Scéim um Dheontais Ardoideachais a rinneadh de bhun na nAchtanna um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais) 1968 go 1992 nó na scéimeanna arna riar ag Coiste Gairmoideachais, is é sin Scéim Scoláireachtaí na gCoistí Gairmoideachais, an Scéim um Dheontais Chothabhála Tríú Leibhéil d'Fhoghlaimeoirí agus an Scéim um Dheontais Chothabhála do Mhic Léinn ag freastal ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta;

Ciallaíonn "cúrsa fochéime" cúrsa as a dtiocfaidh cáiliúchán ardoideachais agus oiliúna ag Leibhéal 6 (Ardteastas), Leibhéal 7 (Gnáthchéim Bhaitsiléara), Leibhéal 8 (Céim Onóracha Bhaitsiléara) ar an gcreat cáilíochtaí náisiúnta, nó cáiliúcháin chomhchosúla, seachas cúrsa a bhfuil eolas air faoi láthair mar chúrsa teastais iar-Ardteistiméireachta.

(2) Aon fhocal nó leagan cainte atá i úsáid sna Rialacháin seo agus atá in úsáid freisin san Acht, tá an chiall chéanna aige, mura bhfuil a mhalairt ag teastáil ón gcomhthéacs, agus atá aige san Acht.

Foilsíodh fógra ar dhéanamh na hIonstraime Reachtúla seo in "Iris Oifigiúil" ar an 28 Aibreán, 2015.

(3) (*a*) Tá tagairt sna Rialacháin seo do Rialachán ina tagairt do Rialachán de na Rialacháin seo, mura gcuirtear in iúl go bhfuil tagairt do Rialacháin éigin eile i gceist.

(3) (*a*) Tá tagairt sna Rialacháin seo do Rialachán ina tagairt do Rialachán de na Rialacháin seo, mura gcuirtear in iúl go bhfuil tagairt do Rialacháin éigin eile i gceist.

(*c*) Tá tagairt sna Rialacháin seo do Sceideal ina tagairt do Sceideal do na Rialacháin seo, mura gcuirtear in iúl go bhfuil tagairt do Rialacháin éigin eile i gceist.

Institiúidí faofa

3. (1) Is "institiúidí faofa" iad na hinstitiúidí a liostaítear i Sceideal 1 faoi alt 7(1)(*a*) den Acht.

(2) Tá na hinstitiúidí a liostaítear i Sceideal 2 forordaithe mar "institiúidí faofa" chun chríocha alt 7(1)(*f*) agus (2) den Acht.

Cúrsaí faofa

4. Tá na cúrsaí seo a leanas forordaithe mar "chúrsaí faofa" chun chríocha alt 8(1)(*c*) den Acht—

(*a*) cúrsaí lánaimseartha, ar a dtugtar "cúrsaí iar-ardeistiméireachta"—

(i) nach nglacann níos mó ná aon bhliain amháin lena gcríochnú;

(ii) atá á gcur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*d*) den Acht agus a liostaítear i gCuid D de Sceideal 1;

(iii) atá faofa le haghaidh maoiniú ag SOLAS mar chúrsaí iar-ardteistiméireachta; agus

(iv) nuair a chríochnaítear é, go mbronntar mórcháiliúchán oideachais agus oiliúna a aithnítear mar cháilíocht nach bhfuil ag leibhéal níos ísle ná Leibhéal 5 sa chreat cáilíochtaí;

(*b*) na cúrsaí lánaimseartha seo a leanas, nuair a chríochnaítear iad, go mbronntar mórcháiliúchán ardoideachais agus oiliúna a aithnítear mar cháilíocht de bhun an chreata cáilíochtaí—

(i) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná dhá bhliain lena chríochnú atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*a*), (*b*) nó (*c*) den Acht agus a liostaítear i gCuid A, B nó C de Sceideal 1;

(ii) cúrsa ag Leibhéal 6 sa chreat cáilíochtaí a ghlacann aon bhliain lena chríochnú atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*b*) nó (*c*) den Acht agus a liostaítear i gCuid B nó C de Sceideal 1;

(iii) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná dhá bhliain lena chríochnú agus atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa liostaithe i gCuid A de Sceideal 2;

(iv) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná dhá bhliain lena chríochnú agus a liostaítear i gCuid B de Sceideal 2 leis an institiúid fhaofa á chur ar fáil;

(v) cúrsa, ar a nglaotar faoi láthair "cúrsa breise", atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*a*), (*b*) nó (*c*) den Acht agus a liostaítear i gCuid A, B nó C de Sceideal 1 agus a ghlacann—

(I) bliain amháin lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime a dtiocfaidh as cáilíocht ag Leibhéal 7 sa creat cáilíochtaí, nó

(II) bliain amháin ar a laghad lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime a dtiocfaidh as cáilíocht ag Leibhéal 8 sa creat cáilíochtaí;

(vi) cúrsa, ar a nglaotar faoi láthair "cúrsa breise", atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa a liostaítear i gCuid A de Sceideal 2 agus a ghlacann—

(I) bliain amháin lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime a dtiocfaidh as cáilíocht ag Leibhéal 7 sa creat cáilíochtaí, nó

(II) bliain amháin ar a laghad lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime a dtiocfaidh as cáilíocht ag Leibhéal 8 sa creat cáilíochtaí;

(vii) cúrsa, ar a nglaotar faoi láthair "cúrsa breise", a liostaítear i gCuid B de Sceideal 2, chomh maith leis an institiúid fhaofa a chuireann ar fáil é, agus a ghlacann—

(I) bliain amháin lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime a dtiocfaidh as cáilíocht ag Leibhéal 7 sa creat cáilíochtaí, nó

(II) bliain amháin ar a laghad lena chríochnú agus a ligeann do dhaoine dul ar aghaidh chuig cúrsa fochéime a dtiocfaidh as cáilíocht ag Leibhéal 8 sa creat cáilíochtaí;

(viii) cúrsa, ar a nglaotar faoi láthair "clár teicniúil brostaithe", a ghlacann ocht mí dhéag lena chríochnú agus atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*b*) den Acht agus a liostaítear i gCuid B de Sceideal 1;

(*c*) cúrsa lánaimseartha fochéime—

(i) a ghlacann tréimhse nach lú ná 2 bhliain lena chríochnú;

(ii) atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa i mBallstát seachas an Stát atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*e*) den Acht; agus

(iii) a dtiocfaidh as cáilíocht ardoideachais agus oiliúna a aithnítear—

(I) ar bhealach, a ndéantar foráil ina thaobh le dlíthe an Bhallstáit, a fhreagraíonn shocruithe, nósanna imeachta agus córais an chreata cáilíochtaí, nó

(II) atá ar bhealach eile de réir dhlíthe an Bhallstáit.

(*d*) na cúrsaí iarchéime lánaimseartha seo a leanas sa Stát, nuair a chríochnaítear iad, go mbronntar ar mhac léinn mórcháiliúchán ardoideachais agus oiliúna, ar cáilíocht aitheanta é de bhun an chreata cáilíochtaí—

(i) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná aon bhliain lena chríochnú atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*a*), (*b*) nó (*c*) den Acht agus a liostaítear i gCuid A, B nó C de Sceideal 1;

(ii) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná aon bhliain lena chríochnú agus atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa a liostaítear i gCuid A de Sceideal 2;

(iii) cúrsa a ghlacann tréimhse nach lú ná aon bhliain lena chríochnú agus a liostaítear i gCuid B de Sceideal 2 leis an institiúid fhaofa á chur ar fáil;

(*e*) cúrsa iarchéime lánaimseartha—

(i) a ghlacann tréimhse nach lú ná aon bhliain amháin lena chríochnú;

(ii) atá á chur ar fáil ag institiúid fhaofa atá laistigh de théarmaí alt 7(1)(*e*) den Acht agus atá suite i dTuaisceart Éireann;

(iii) a liostaítear i Sceideal 3; agus

(iv) a dtiocfaidh as cáilíocht ardoideachais agus oiliúna a aithnítear—

(I) ar bhealach, a ndéantar foráil ina thaobh le dlíthe Thuaisceart Éireann, a fhreagraíonn shocruithe, nósanna imeachta agus córais an chreata cáilíochtaí, nó

(II) atá ar bhealach eile de réir dhlíthe Thuaisceart Éireann agus

(*f*) glacfar leis go bhfuil cúrsa atá faofa faoin alt seo a bhí ina chúrsa a bhí faofa faoi scéim roimhe seo don bhliain acadúil 2010/11 mar chúrsa, nuair a chríochnóidh mac léinn é, go mbronnfar cáilíocht aitheanta air nó uirthi atá laistigh de chiall alt 4(*a*)(iv), (*b*) agus (*d*).

Mic léinn fhorordaithe

5. (1) Tá na baill teaghlaigh seo a leanas forordaithe mar "mhic léin, chun chríocha alt 14(1)(d) den Acht—

(*a*) duine ar ball teaghlaigh é nó í le duine dá dtagraítear in alt 14(1)(*a*) den Acht agus ag a bhfuil cead fanacht sa Stát ar bhall teaghlaigh duine mar seo faoi fhorálacha na Rialachán um Pobail Eorpacha (Saorghluaiseacht Daoine) 2006 agus 2008 agus Treoir 2004/38/EC de Phairlimint Eorpach agus den Chomhairle ar an 29 Aibreán 2004; agus

(*b*) duine ag a bhfuil cead fanacht sa Stát—

(i) de bhua bheith pósta ar, nó bheith i bpáirtnéireacht shibhialta le saoránach Éireannach atá ina c(h)ónaí sa Stát, nó

(ii) mar pháiste cleithiúnach le duine atá i gclásal (i);

(2) Tá na cúrsaí seo a leanas forordaithe mar "chúrsaí faofa" chun chríocha alt 14(1)(*d*)(ii) den Acht—

(*a*) duine ar a bhfuil cead daonnachtúil bronnta le fanacht sa Stát sular tháinig an tAcht Inimirce 1999 i bhfeidhm (Uimh. 22 de 1999); agus

(*b*) duine a bhfuil cead bronnta ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina thaobh le fanacht tar éis cinnidh gan ordú díbeartha a dhéanamh faoi alt 3 den Acht Inimirce 1999 (Uimh. 22 de 1999); agus

(*c*) duine, de bhun Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Coimhdeach) 2013 (I.R. Uimh. 426 de 2013)—

(i) ar duine é nó í atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus a bhfuil dearbhú cosanta coimhdí ina thaobh i bhfeidhm agus dár bronnadh cead cónaí sa Stát de bhun na Rialachán sin; nó

(ii) dár bronnadh an tAire Dlí agus Cirt cead dul isteach agus cónaí sa Stát de bhun Rialachán 25 de na Rialacháin sin; nó

(iii) dár bronnadh an tAire Dlí agus Cirt cead cónaí sa Stát de bhun Rialachán 26 de na Rialacháin sin.

SCEIDEAL 1

Institiúidí faofa

CUID A

Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Ollscoil Luimní

CUID B

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Blainséir
Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Institiúid Teicneolaíochta Luimní
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach
Institiúid Teicneolaíochta, Tallacht
Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

CUID C

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

CUID D

Ainm Scoile Iar-Ardteistiméireachta

Rolla Uimh.	**CEATHARLACH**
70410O	Coláiste Eoin, Baile Haicéid, Co. Cheatharlach
70420R	Institiúid Breisoideachais Cheatharlach, Bóthar Chill Chainnigh, Ceatharlach.
70430U	Gairmscoil Mhuine Bheag, Muine Bheag, Co. Cheatharlach
91356F	Pobalscoil na Tulaí, An Tulach, Co. Cheatharlach
	AN CABHÁN
76087R	Institiúid an Chabháin, Bóthar na hArdeaglaise, An Cabhán

AN CLÁR

62000W Meánscoil Mhuire gan Smál, Lios Dún Bhearna, Co. an Chláir.
62010C Scoil Sheosaimh, Rinn na Spáinneach, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir
70830N Coláiste Pobail na hInse, Rae an Chairdis, Inis
70840Q An Ghairmscoil Inis Diomáin, Co. an Chláir
76075K Coláiste Pobail Eoin Bosco, Cathair Chonnaidh, Cill an Dísirt, Co. an Chláir.
81007U Scoil Chuimsitheach N. Pádraig. An tSionainn, Co. an Chláir
91448K Pobalscoil Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir

CORCAIGH

70910L Coláiste Chionn tSáile, (Coláiste Bhrógáin Naofa) Bóthar na Bandan, Cionn tSáile
70950A Coláiste Pobail Chloch na Caoilte, Cloch na Caoilte. Co. Chorcaí
70970G Coláiste Pobail, Currach an Eich Bhuí, Cóbh, Co. Chorcaí
71020G Coláiste Dáibhis, Annabella, Mala, Co. Chorcaí
71030J Coláiste Mac Aogáin, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí
71040M Coláiste Fionnchua, Baile Mhistéala, Co. Chorcaí
71050P Coláiste Pobail Cholmáin, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí
71090E Coláiste Rossa , An Sciobairín, Co. Chorcaí
71120K Coláiste Tráchtála Chorcaí, Oileán Mhic Mhuiris, Corcaigh
71121M Lár-Choláiste Eoin, Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta, Corcaigh
71122O Coláiste Stiofáin Naofa, Bóthar na Trá Móire, Corcaigh
71123Q Coláiste Pobail Thraolach Mhic Shuibhne, Cnoc na hAoine, Corcaigh
76086P Coláiste Pobail Mhuire gan Smál, Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí
76090G Coláiste Pobail Bheanntraí, Beanntraí, Co. Chorcaí
91499E Pobalscoil Chionn tSáile, Cionn tSáile, Co. Chorcaí

DÚN NA NGALL

71200I Coláiste an Earagail, Windyhall, Leitir Ceannain, Co. Dhún na nGall
71241W Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall
7124OU Coláiste Ghleann Fhinne, Sraith an Urláir, Co. Dhún na nGall
76079S Coláiste Pobail Cholmcille, An Baile Úr, Oileán Thoraí, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
76083J Coláiste Mhaigh Éne, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall

BAILE ÁTHA CLIATH

70020B Coláiste Pobail na Gráinsí, Bóthar na Gráinsí, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13
70030E Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe (BFEI), An Phríomhshráid, An Charraig Dhubh. Co. Bhaile Átha Cliath
70040H Coláiste Pobail Ráth an Déagánaigh, Bóthar Nua Nangair, Cluain Dolcáin Baile Átha Cliath 22
70041J Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
70050K Institiúid Bhreisoideachais Dhún Laoghaire (DLFEI), Sráid Cumberland Co. Bhaile Átha Cliath
70070Q Coláiste Breisoideachais Dhún Droma,An Phríomhshráid, Dún Droma. Baile Átha Cliath 14

70090W Coláiste Breisoideachais An Naigín, Sráid an Phiarsaigh, An Naigín. Co. Bhaile Átha Cliath
70110C Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan, Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath
70130I Coláiste na nGlaschnoc, Ascaill na Tinileach, Na Glaschnoic, Baile Átha Cliath 12
91310E Pobalscoil Chábán tSíle, Baile Átha Cliath 18
91318U An Phobalscoil, Tobar an Domhnaigh, Bóthar Bhaile an tSrutháin, Baile Átha Cliath 13
91338D Pobalscoil Naomh Aodáin, Gort an tSrutháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
91343T Pobalscoil Tiarnáin, Gleann na Páirce, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 16

CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

70150O Coláiste Pobail na Cabraí (Coláiste Éanna), Bóthar Chill Chiaráin, An Chabrach, Baile Átha Cliath 7
70160R Coláiste Chaoimhín, Bóthar an Chlochair, An Chromghlinn, Baile Átha Cliath 12
70170U Coláiste Breisoideachais na Cromghlinne, Bóthar na Cromghlinne, Baile Átha Cliath 12
70190D Coláiste Íde, Coláste Breisoideachais, Bóthar Dhroichead Chairdif
,
Fionnghlas
70200D Coláiste na Rinne, Bóthar Cambridge, Baile Átha Cliath 4
70220J Coláiste Breisoideachais Inse Chór, Bóthar Emmet, Baile Átha Cliath 8
70230M Coláiste Chill Easra, Ascaill Uí Choileáin Thoir, Baile Átha Cliath 5
70240P Coláiste na Coille Móire, Bóthar na Coille Móire, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10
70250S Coláiste Marino , 14 — 20 Marglann Marino, Fionnradharc, Baile Átha Cliath 3 70280E Coláiste Breisoideachais Ráth Maoinis, Halla an Bhaile, Baile Átha Cliath 6 70290H Coláiste Breisoideachais Dhroichead na Dothra, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4
70300H Coláiste an Phiarsaigh, Bóthar an Chlochair, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12
70310K Coláiste Pluincéad, Bóthar Shoird, An Halla Bán, Baile Átha Cliath 9
70320N Coláiste Breisoideachais An Halla Bháin, Bóthar Shoird, Baile Átha Cliath 9
70340T Coláiste na Saoirsí, Sr. Scabhat na dTarbh, Na Saoirsí, Baile Átha Cliath 8
70342A Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid, Bóthar Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10
76094O Coláiste Dhúlaigh, Bóthar Chluain Sceach, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 17 17

GAILLIMH

62900M Coláiste Mhuire, Béal Átha Ghártha, Co. na Gaillimhe
62930V Coláiste Naomh Cuáin, Gallach, Co. na Gaillimhe
63010H Meán Scoil Mhuire, Baile Nua Mhic Gabhann, Gaillimh
71270G Gairmscoil Mhuire, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

71280J Gairmscoil Bhríde, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe
71290M Coláiste an Chreagáin, An Creagán, Co. na Gaillimhe
71310P Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe
71340B Institiúid Theicniúil na Gaillimhe, Br an Athar Uí Ghríofa, An Cladach, Gaillimh
71390Q Coláiste Mhic Éil, Tuaim, Co. na Gaillimhe
71400Q Coláiste Pobail na Gaillimhe, Móinín na gCíseach, Gaillimh
91411K Scoil Phobail Mhic Dara, Carna, Co. na Gaillimhe
91412M Scoil Phobail, An Clochán, Co. na Gaillimhe
91514U Pobalscoil an Ghleanna, Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe
91414Q Pobalscoil an Dúin Mhóir, An Dún Mór, Co. na Gaillimhe

CIARRAÍ

61220I Meánscoil Naomh Sheosaimh, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí
70450D Coláiste Pobail Chill Airne, Cill Airne, Co. Chiarraí
70500P Coláiste Pobail Lios Tuathail, Lios Tuathail, Co. Chiarraí
70550H Coláiste Breisoideachais Chiarraí, An Chlais, Trá Lí, Co. Chiarrai
76068N Ionad Aosoideachais Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí
71510S Ionad Aosoideachais An Neidin, An Neidín, Co. Chiarraí
70460G Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Cheapaigh an Lao, Loch Cárthaí, Cill Orglan, Co. Chiarraí

CILL DARA

70660O Iarbhunscoil, Bóthar Mhic Shuibhne, An Curach, Co. Chill Dara
70680U Coláiste Pobail Chonlaigh, Bóthar an Stáisiúin, An Droichead Nua, Co. Chill Dara
70691C Coláiste Chonfaí, Riverforest, Léim an Bhradáin, An Nás, Co. Chill Dara
70720G Iarbhunscoil Naomh Fhearnáin, An Chorrchoill, Co. Chill Dara

CILL CHAINNIGH

70570N Scoil Aireagail, Baile Héil, Co. Chill Chainnigh
70590T Coláiste Dubhuisce, Gráig na Manach, Co. Chill Chainnigh
70600T Coláiste Mhuire, Baile Sheáin, trí Dhúrlas, Co. Chill Chainigh
70610W Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh (Ormonde CFE), An tSráid Nua, Cill Chainnigh
70640I Coláiste Grennan , Sráid Thobar Mhuire, Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh
91360T Pobalscoil Chaisleán an Chomair, Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh

LAOIS

40039E Ionad Breisoideachais, Bóthar Mhaighean Rátha, Mainistir Laoise, Co. Laoise
71510A Coláiste Phort Laoise, Port Laoise, Co. Laoise

LIATROIM

71560P Coláiste Loch Ailionn, Droim Caorthainn, Co. Liatroma
71570S Gairmscoil Dhroim Seanbhó, Co. Liatroma

LUIMNEACH

64250J Meánscoil na Toirbhirte, (Central College Limerick) Clochar na Trócaire, Sr. Uí Sheasnáin, Luimneach
71840V Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
71850B Hazel College, Drom Collachair, An Ráth, Co. Luimnigh
71930W Coláiste Breisoideachais Luimnigh, Sr. Mulgrave, Luimneach
76070A Coláiste Iosaif, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh

AN LONGFORT

71710I Ardscoil Phádraig, Bóthar an Longfoirt, Gránard, Co. an Longfoirt
71720L Coláiste Pobail, Béal Átha Liag, Co. an Longfoirt
71730O Coláiste Theampall Mhichíl, Teampall Mhichíl, An Longfort

AN LÚ

71760A Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha, Na Fichidí,Droichead Átha, Co. Lú
71770D Coláiste Uí Fhiaich, Br. Bhaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Co. Lú

MAIGH EO

64570E Meánscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo
64660F Coláiste Sancta Maria , Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo
72020L Coláiste na Maighe, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
72100J Coláiste Thiarnáin Naofa, Crois Mhaoilíona, Co. Mhaigh Eo
72140V Coláiste Chomáin, Ros Dumhach, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
72160E Coláiste na Ceathrún Bige (Col Breisoideachais Chathair na Mart) (An Ghairmscoil, Cathair na Mart), Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo
91461C Pobalscoil Bhéal Átha hAmhnais, Bóthar Chnoc Mhuire, Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo
91494R Pobalscoil N. Louis, Coillte Mách, Co. Mhaigh Eo
76060U Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh (Coláiste Davitt) An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

AN MHÍ

76374U Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne, Páirc Gnó Dhún Búinne, Dún Búinne, Co. na Mí
71950F Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne, Co. na Mí
71990R Iarbhunscoil Naomh Oilibhéir, An Seanchaisleán, Co. na Mí
72010I Coláiste Beaufort, Bóthar Bhaile Átha Troim, An Uaimh, Co. na Mí

MUINEACHÁN

72210Q Institiúid Breisoideachais agus Oiliúna Mhuineacháin, (Coláiste Ard Feá), Bóthar Ard Mhacha, Muineachán

UÍBH FHAILÍ

72540O Coláiste Pobail Oaklands, Ascaill Sheanáin, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí
72560U Coláiste Thulach Mhór, Cois Abhann, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí
76105Q Coláiste na Sionna (Banagher Community College), Beannchar, Co. Uíbh Fhailí
72520I Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic, Co Uíbh Fhailí
41169W Ionad Breisoideachais Thulach Mhór, Foirgnimh an Chaisleáin, Sráid na Teamhrach, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí

ROS COMÁIN

72280O Coláiste Pobail Ail Finn, Co. Ros Comáin
72290R Pobalscoil Ros Comáin, Lios na Molt, Ros Comáin
76072E Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin
91493P Pobalscoil an Chaisleáin Riabhaigh, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin

SLIGEACH

65150K Meánscoil Íosa agus Mhuire, Inis Crabhann, Co. Shligigh
65181V Coláiste na Trócaire, Cnoc an tSéipéil, Sligeach
72300R Coláiste Chorainn, Baile an Mhóta, Co. Shligigh
72350J Coláiste Chonnachta Thuaidh, Tobar an Choire, Co. Shligigh
72360M Coláiste Bhéal Átha an Fhóid (Ballinode College), Sligeach

TIOBRAID ÁRANN

72420E An Lár-Institiúid Theicniúil, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann
72430H Scoil Ruáin, Coill an Áil, Co. Thiobraid Árann
72440K Coláiste Breisoideachais an Aonaigh, An tAonach, Co. Thiobraid Árann
72450N Coláiste Thulach Sheasta, (Coláiste Iosaif), An Port Nua, Co. Thiobraid Árann
72470T Coláiste Breisoideachais an Teampaill Mhóir, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann
72480W Scoil Ailbhe Naofa, Baile Thiobrad Árann
72490C Coláiste Mhuire, Plásóga an Chaisleáin, Durlas, Co. Thiobrad Árann
76063D Coláiste Dún Iascaigh, Br an Chaisil, An Chathair, Co. Thiobraid Árann
76069P Coláiste Pobail Ros Cré, Bóthar an Chorrbhaile, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann
Coláiste Naomh Seosaimh, Bioríos Ó Luigheach, Co. Thiobraid Árann

PORT LÁIRGE

64880T Scoil Na mBráithre, Dún Garbháin, Co. Phort Láirge
72220T Coláiste Chathail Naofa, Dún Garbháin, Co. Phort Láirge
72240C Coláiste Breisoideachais Phort Láirge, Sráid Parnell, Port Láirge
72241E Coláiste Pobail Naomh Póil, Bóthar de Brún, Port Láirge

AN IARMHÍ

63211R Coláiste Naomh Seosaimh, Cnoc an tSamhraidh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
71410T Colásite Pobail, Bóthar an Díthribh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
71420W Coláiste Pobail Bhaile na gCros, Co. na hIarmhí
71430C Coláiste Cholumba, Cill Liúcainne, Co. na hIarmhí
71450I Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr, Bóthar Chnoc an Mhuilinn, Co.na hIarmhí
91501L Coláiste Gnó an Mhóta, (Pobalscoil), Móta, Co.na hIarmhí

LOCH GARMAN

71600B Coláiste Abbain, Maigh Arnaí, Inis Córthaidh Co. Loch Garman
71610E Coláiste Gairmoideachais, Baile an Droichid, Co. Loch Garman
71620H Coláiste Gairmoideachais Bhun Clóidí, Sráid na nGael, Bun Clóidí, Co. Loch Garman
71630K Coláiste Gairmoideachais Inis Córthaidh, Bóthar Milehouse, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman
71650Q Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman
71660T Coláiste Gairmoideachais, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman
71680C Coláiste Gairmoideachais Loch Garman, An Geata Thiar, Loch Garman
91431Q Pobalscoil na Gráinsí, An Ghráinseach, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman
91492N Pobalscoil Ghuaire, Guaire, Co. Loch Garman

CILL MHANTÁIN

70740M	Coláiste Pobail an Inbhir Mhóir, Co. Chill Mhantáin
70750P	Scoil Chonglais, Bealach Conglais, Co. Chill Mhantáin
70770V	Institiúid Breisoideachais Bhré (Coláiste Pobail N Thomáis), Ascaill Novara, Bré, Co. Chill Mhantáin
70790E	Coláiste Bhríde, Carn an Bhua, Co. Chill Mhantáin
70800E	Coláiste Pobail Chaoimhín, Dún Luáin, Co. Chill Mhantáin

Rialacháin 3 agus 4.

SCEIDEAL 2

Forais agus cúrsaí faofa

CUID A

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Bhaile Átha Cliath
Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Bhaile Átha Cliath
Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Bhaile Átha Cliath
Institiúid Oideachais Marino, Bhaile Átha Cliath
Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach
Coláiste Aingeal, Loch Gile, Sligeach
Coláiste Oideachais Naomh Pádraig, Droim Conrach, Bhaile Átha Cliath

CUID B

Ollscoil Phontaifiúil Mhá Nuad
Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— Céim Bhaitsiléara (Onóracha) sa Dhiagacht [3 bliain]
— Céim Bhaitsiléara (Onóracha) sa Dhiagacht agus na hEalaíona [3 bliain]
— Céim Bhaitsiléara (Onóracha) sa Dhiagacht & na hEalaíona Idirnáisiúnta [4 bhliain]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:
— Céim MA (Máistir Ealaíon) sa Dhiagacht [1 bhliain]
— Céim MA (Máistir Ealaíon) sa Dhiagacht [2 bhliain]
— Céim Dhochtúireachta PhD (Dochtúireacht) sa Diagacht [3 bliain]

Coláiste Bhainistíocht Óstáin na Sionainne
Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— BComm (Baitsiléir Tráchtála (Onóracha) mar aon le Dioplóma Ollscoil na hÉireann (NUI) sa Bhainistíocht Óstáin Idirnáisiúnta [4 bhliain]
— B.B.S. (Onóracha) sa Bhainistíocht Óstáin Idirnáisiúnta [4 bhliain]

Coláiste Naomh Pádraig, Durlas Éile
Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— BA (Onóracha) san Oideachas, Staidéar Gnó & Clár Léann Reiligiúnach [4 bhliain]
— BA (Onóracha) san Oideachas, Léann Éireannach agus [4 bhliain]
— BA (Onóracha) san Oideachas, Staidéar Gnó agus Cuntasaíocht [4 bhliain]
— BA (Onóracha) san Oideachas, Léann Éireannach agus Léann Reiligiúnach [4 bhliain]

Institiúid Oideachais Mater Dei
Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— Baitsiléir Oideachais Reiligiúin [4 bhliain]
— Baitsiléir Oideachais Reiligiúin agus Béarla [4 bhliain]
— Baitsiléir Oideachais Reiligiúin agus Stair [4 bhliain]
— Baitsiléir Oideachais Reiligiúin agus Ceol [4 bhliain]
— BA sa Léann Éireannach & Léann Reiligiúnach [3 bliain]

Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— Dioplóma Iarchéime sa Staidéar Diagachta [1 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) sa Staidéar Séiplíneachta & Obair Thréadach [1 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) sa tSéiplíneacht Cúram Sláinte [1 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) sa tSéiplíneacht Cúram Sláinte [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) sa Diagacht [1 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) sa Staidéar Filíochta [1 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) sa Reiligiúin & Oideachas [1 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) san Oideachas Reiligiúin (Primary) [1 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Oideachas (Taighde) [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Béarla (Taighde) [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Stair (Taighde) [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Léann Éireannach (Taighde) [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Ceol (Taighde) [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Oideachas Reiligiúin (Taighde) [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Fealsúnacht (Taighde) [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Diagacht (Taighde) [2 bhliain]
— PhD (Dochtúireacht) Oideachas (Taighde) [3 bliain]
— PhD (Dochtúireacht) Béarla (Taighde) [3 bliain]
— PhD (Dochtúireacht) Stair (Taighde) [3 bliain]
— PhD (Dochtúireacht) Léann Éireannach (Taighde) [3 bliain]
— PhD (Dochtúireacht) Ceol (Taighde) [3 bliain]
— PhD (Dochtúireacht) Oideachas Reiligiúin (Taighde) [3 bliain]
— PhD (Dochtúireacht) Fealsúnacht (Taighde) [3 bliain]
— PhD (Dochtúireacht) Diagacht (Taighde) [3 bliain]

Coláiste na Naomh Uile, Droim Conrach
Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— BA (Onóracha) sa Dhiagacht & Fealsúnacht [4 bhliain]
— BA (Onóracha) sa Dhiagacht & Síceolaíocht [4 bhliain]
— BA (Onóracha) sa Dhiagacht & Litríocht Bhéarla [4 bhliain]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:
—PhD (Dochtúireacht) trí Thaighde sna Daonnachtaí [3 bliain]

Coláiste Cheatharlach (Naomh Pádraig)
Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— BA (Gnáthchéim) sa Staidéar Sóisialta Feidhmeach sa Chúram Sóisialta [3 bliain]
— BA (Onóracha) sa Staidéar Sóisialta Feidhmeach sa Chúram Sóisialta [1 bhliain breise]
— BA (Gnáthchéim) sna Daonnachtaí {Fealsúnacht, Diagacht agus Ealaíona} [3 bliain]
— BA (Onóracha) sna Daonnachtaí {Fealsúnacht, Diagacht agus Ealaíona} [4 bhliain]
— BA (Onóracha) sa Saoránacht agus Staidéar Pobal [4 bhliain]
— BA (Onóracha) sa Bhéarla agus sa Stair [4 bhliain]
— BA (Onóracha) sa Diagacht [3 bliain]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:
— MA (Máistir Ealaíon) Béarla trí Thaighde [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Fealsúnacht trí Thaighde [2 bhliain]

— MA (Máistir Ealaíon) sa Stair trí Thaighde [2 bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) Reiligiúin/ Diagacht trí Thaighde [2 bhliain]

Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— Ollscoil na hÉireann (NUI) Céim MB (Onóracha), BCH, BAO, LRCP, SI [5 bhliain]
— Ollscoil na hÉireann (NUI) Céim MB (Onóracha), BCH, BAO, LRCP, SI [6 bhliain]
— Ollscoil na hÉireann (NUI) Céim BSc (Onóracha) sa Chógaseolaíocht [4 bhliain]
— BSc (Baitsiléir Eolaíochta) sa Fisiteiripe (Dámhachtain NUI)) [4 bhliain]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:
— Ollscoil na hÉireann NUI PhD Iarchéime [3 bliana]
— Ollscoil na hÉireann NUI MD Iarchéime [2 bhliana]
— Ollscoil na hÉireann NUI MSc Iarchéime [1bhliain]

Ionad Staidéar Forbartha, Camaigh
Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:
— Dioplóma Iarchéime i Staidéir Forbartha [1bhliain]
— MA (Máistir Ealaíon) i Staidéar Forbartha [1bhliain]

Coláiste Montessori, (A.M.I.) Baile an Mhuilinn
Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— Dioplóma Teagaisc Montessori
- Cuid 1: Luath-Óige (3 go 6 bliain d'aois) [Bliain 1 agus 2]
- Cuid 2: Bunscolaíocht (6 go 12 bliain d'aois) [Bliain 3]

Coláiste San Nioclás, Montessori
Maidir leis na cúrsaí fochéime seo a leanas:
— Ard-Teastas sna hEalaíona in Oideachas Montessori sna Luathbhlianta [2 bhliain]
— BA in Oideachas Montessori [3 bliain]
— BA (Onóracha) in Oideachas Montessori [1 bhliain]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:
:
— Ard-Dioplóma sna hEalaíona in Oideachas Montessori sna Luathbhlianta [2 bhliain]

Cumann Onórach Kings Inns
Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:
:
— Céim Abhcóide[1 bhliain]

Dlí-Chumann na hÉireann, Plás Blackhall
Maidir leis na cúrsaí iarchéime seo a leanas:
— Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (PPC)
- Cuid I
- Cuid II

SCEIDEAL 3

Cúrsaí Iarchéime Faofa i dTuaisceart Éireann

Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
Cúrsa iarchéime lán-aimseartha nach lú ná fhad bliain amháin

Ollscoil Uladh
Cúrsa iarchéime lán-aimseartha nach lú ná fhad bliain amháin

Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste
Teastas Iarchéime san Oideachas (Gaeilge)

Coláiste an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste
Teastas Iarchéime san Oideachas

Toilíonn an tAire um Chaiteachais Phoiblí agus Athchóiriú le déanamh na Rialacháin thuasluaite

L.S.

TUGTHA faoi Shéala Oifigiúil an tAire um Chaiteachais Phoiblí agus Athchóiriú
22 Aibreán 2015.

BRENDAN HOWLIN,
An tAire um Chaiteachais Phoiblí agus Athchóiriú.

L.S.

TUGTHA faoi mo Shéala
Oifigiúil, 22 Aibreán 2015.

JAN O'SULLIVAN,
An tAire um Oideachais agus Scileanna.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é).

Déantar na Rialacháin seo de bhun cumhachtaí arna dtabhairt faoin Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011. Forordaíonn siad "forais faofa", "cúrsaí faofa" agus "aicmí daoine" chun críocha an Achta sin.

Féadfar na Rialacháin seo a lua mar na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn 2015.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR Le
ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2 (Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843) nó trí aon díoltóir leabhar.

_____

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE To
be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2. (Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

_____

€4.06

Wt. (B31230). 285. 4/15. Clondalkin. Gr 30-15.